



Nuachtlitr 6-12-2019

TRÉIMSHE NA hAIDBHINTE | Advent

Ciallaíonn an focal Béarla “Advent” go bhfuil duine nó rud nó ócáid éigin ag teacht. Bíonn ceithre Dhomhnach i dtréimhse na hAidbhinte (ní bhaineann sé le seachtainí) agus bímid ag ullmhú chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhreith Íosa.

‘Sé an chéad Domhnach san Aidbhint tús na bliana don Eaglais

Fleasc na hAidbhinte

Seasann an ciorcal do Dhia, gan tús ná deireadh lena ghrá, lena thrócaire

Léiríonn na duilleoga síorghlasa go mbíonn athnuachan, go bhfuil an bheatha shíoraí i ndán dúinn

Na Coinnle

Seasann na coinnele don tréimhse feithimh sin. Baineann an dath corcra le ríogacht agus baineann sé le haithreachas agus le troscadh. Bíonn an coinneal deireanach bán agus seasann sé don leanbh Íosa gan smál, gan mháchail, a tháinig chun peacaí an Domhain a ghlanadh.

Coinneal an **Dóchais**

Tugtar coinneal na tairngreachta ar an gcoinneal seo freisin

Coinneal na **Síochána**

Tugtar coinneal Beithile nó Coinneal an Ullmhúcháin ar an gcoinneal seo freisin

Coinneal na **Lúcháire**

Tugtar coinneal an Aoire ar an gcoinneal seo freisin

Coinneal an **Ghrá**

Tugtar coinneal na nAingeal ar an gcoinneal seo freisin

Coinneal **Bán** do bhreith Íosa

Tugtar coinneal an Chríost ar an gcoinneal seo freisin

The word Advent means that someone, something or some occasion is “coming”. There are four Sundays in Advent (not weeks) and we prepare to celebrate the birth of Jesus. The first Sunday of Advent is also the beginning of the Christian Church’s year.

Advent Wreath

The circle represents God, and the eternity of His love and mercy, without beginning or end. The evergreen leaves represent renewal and that eternal life awaits us.

The Candles

The candles represent this period of waiting. The colour purple is long associated with royalty but also with reconciliation and fasting. The last white candle represents the Child Jesus, pure and without blemish who came to wash away the sins of the world.

The Candle of **HOPE**

Also known as the Prophecy Candle

The Candle of **PEACE**

Also known as the Bethlehem Candle or the Preparation Candle

The Candle of **JOY**

Also known as the Shepherd’s Candle

The Candle of **LOVE**

Also known as the Angel’s Candle

The **White** Candle for the birth of Jesus

Also known as the Christ Candle

MEABHRÚ | Reminder

Má tá an líne imithe ar maidin, tar go dtí an oifig le do pháiste le do thoil. Má tá tú ag bailiú páiste luath, tar go dtí an oifig le do thoil. Ná siúl díreach go dtí an seomra ranga le do thoil. Rachaidh do thacaíocht sna gnásanna simplí seo i dtreo timpeallacht shábháilte, thorthúil a chruthú dár bpáistí. Iarrtar ort feighlithe agus gaolta eile a thagann go dtí an scoil a chur ar an eolas faoi seo le do thoil.

If the line is gone in the morning, please come to the office with your child. If you are collecting a child early, please come to the office. Please do not go directly to any classroom. Your co-operation in this simple procedure will go towards creating a safe and productive learning environment for our children. You are asked to please inform minders and other relatives who come to the school about this.

The Masterson Academy of Irish Dance was established in 2015 by World Championship dancer Lauren Masterson O.D.C.R.N. We are a fully inclusive school where students of all capabilities, levels and ages are catered for. Come to dance for fun and fitness or come to dance to compete, the choice is totally yours. Our school values team-work and so team dancing is included in all lessons. Classes will be on **Wednesday in the school hall from 2.45pm – 3.45pm** and will run weekly during the rest of the school year. Classes are €10 pay as you go. We look forward to welcoming all your little ones into our dance family.

Scoil Rince Banbha have been teaching Irish Dancing in the Dublin 15 community for 30 years and are now delighted to be teaching in Scoil Oilibhéir. Niamh Gavin TCRG will now be teaching Céili Dancing to students during school on a Thursday morning but will also have after school classes on a **Thursday afternoon from 2.40 for 1 hour**. (Children from Naíonáin Bheaga and Naíonáin Mhóra are welcome but would need to return to school at 2:40!). After school classes will cost €7 per week but will be paid by the term. (Current term, until Christmas, will be €35). You can pay by card, cash or bank transfer. After school classes will be taught through Irish as far as possible. Please see link www.srbnbha.com/scoiloilibheir

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Cumann na dTuismitheoirí | Parents' Association

Tá Cumann na dTuismitheoirí an-bhuíoch de gach éinne a chabhraigh le hAonach na Nollag i mbliana, d'éinne a cheannaigh nó a dhíol ticéid chrannchuir nó a fuair duais dúinn, de na múinteoirí a chuir seomraí ar fáil agus de gach éinne a tháinig ar an lá. Gnóthaíodh €9000.63 – suim ollmhór!! Guíonn Cumann na dTuismitheoirí Nollaig Shona Shíochánta agus Athbhliain faoi Mhaise is faoi Shéan ar gach uile dhuine.

Cumann na dTuismitheoirí are extremely grateful to everyone who helped with the Christmas Fair this year, to all who bought or sold raffle tickets or who sourced prizes for us, to the teachers who made their rooms available and to everyone who came on the day. €9000.63 was raised – a huge sum! Cumann na dTuismitheoirí wish a Merry, Peaceful Christmas and a Happy, Prosperous New Year to everyone.

Bus na gCos | Walking Bus

Táimid ag leanúint le Bus na gCos™ gach Aoine. Déanaigí iarracht le bhur dtoil cuid den turas ar scoil, ar a laghad, a dhéanamh gan an carr. Bígí cinnte de freisin go gcaitheann sibh éadaí oiriúnacha!



We are continuing with the Walking Bus on Fridays folks - please make an effort to do at least part of the journey to school without the car. Ensure also that you wear suitable clothes!

Polasaí Úsáide Inghlactha | Acceptable User Policy

Tá an Polasaí Úsáide Inghlactha imithe abhaile leis féin ar Aladdin. Iarrtar ort é a léamh. Chuaigh Foirm Chruachóipe den dá leathanach deireanach abhaile an tseachtain seo caite le líonadh agus le síniú le tic sna boscaí cuí agus le cur ar ais chugainn sa scoil. Ní gá é a chló amach. Níl aon athrú mór seachas píosa beag faoin iPad. Má tá aon cheist agat faoi, tá fáilte romhat é a phlé le hAntóin san oifig. De réir na dtreoirilínte atá tugtha dúinn, ní bheidh do pháiste ábalta rudaí áirithe a dhéanamh leis na ríomhairí go dtí go bhfuil an Fhoirm seo sínithe agus fillte.

The Acceptable Use Policy for the computers has gone home separately on Aladdin. You are asked to read it. A Hardcopy Form of the last two pages went home last week to be completed and signed with relevant boxes ticked. You do not need to print this off. There are no major changes in it apart from a small piece about the iPad. If you have any questions, you are welcome to discuss with Antóin in the office. According to the guidelines we have been given, your child won't be able to do certain things with the computers until this Form is signed and returned.

Seó na nÓg | Junior Show

Beidh Séo na nÓg ar an Aoine 13 (!) Nollaig ag tosú ar a 12:00. **Ní bheidh cead isteach go dtí 11:45. Rachaidh an scoil ar fad abhaile ar 13:30 tar éis na Seónna.** Féach thíos Ord Reatha garbh – ní féidir linn riamh a bheith cinnte go leanfaidh ár gcuid réalta na treoracha seo ach seo an plan! Beidh bailiúchán ag an doras más mian leat sintiús a dhéanamh do Thearmann na mBan, (iomlán roghnach) agus gheobhaidh gach éinne ticéad do chrannchur beag ag an deireadh.

Naíonáin Bheaga Ghlasa – Múinteoir Doireann	12:00
Naíonáin Mhóra	12:15
Rang a hAon	12:30
Rang a Dó	12:45
Naíonáin Bheaga Bhuí – Múinteoir Colleen	13:00
Crannchur	13:15

The Junior Show will be on Friday 13 (!) December starting at 12:00. There will be **no entry before 11:45** **The entire school will go home at 13:30 after the shows.** See above a rough Running Order for the shows – we can never be certain that our stars will follow these directions but this is the plan! There will be a collection at the door if you would like to donate to the Women's Refuge, (totally voluntary) and everyone will be entered into a little raffle at the end.

Laethanta Corpoideachais | PE days

Tá deireadh tagtha le Zumba anois do na bunranganna. Seo thíos na laethanta spóirt do gach rang go dtí an Dara Téarma. Tá cead ag Rang a Dó agus ag Rang a Trí éadaí spóirt a chaitheamh gach lá idir seo agus an Nollaig freisin.

Zumba has come to an end now for the junior classes. Below are the PE days for each class until the Second Term. First and Second class may also wear tracksuit every day between now and Christmas.

Naíonáin Bheaga Ghlasa	-	An Mháirt		Tuesday
Naíonáin Bheaga Bhuí	-	An Déardaoin		Thursday
Naíonáin Mhóra	-	An Chéadaoin		Wednesday
Rang a hAon	-	An Chéadaoin		Wednesday
Rang a Dó	-	An Déardaoin		Thursday
Rang a Trí	-	An Chéadaoin		Wednesday
Rang a Ceathair	-	An Aoine		Friday
Rang a Cúig	-	An Chéadaoin		Wednesday
Rang a Sé	-	An Aoine		Friday

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Cúrsaí Spóirt | Sporting Matters

Táimid chun sos a ghlacadh ón spórt breise ar scoil go dtí an bhliain seo chugainn! Ní hin le rá nach féidir libh a bheith gníomhach sa bhaile áfach! Bígí ag cleachtadh don iomáint/chamógaíocht a bheidh ag tosú go luath i ndiaidh na Nollag.

We're taking a break from the extra sport until next year! That's not to say you can't stay active at home however! Get practising for the hurling/camogie which will be starting soon after Christmas.

Seirbhís Carúl na nArdranganna | Senior Classes' Carol Service

Beidh Seirbhís Carúl na nArdranganna i Séipéal Thomáis i Lóiste na Labhras ar an Déardaoin 19 Nollaig idir 20:00 agus 21:30.

The Senior Classes' Carol Service will take place in St. Thomas' Church Laurel Lodge on Thursday 19 December between 20:00 and 21:30

Comórtas Tógála na Nollag | Christmas Construction Competition

Táimid chun Comórtas Tógála na Nollag a dhéanamh do na ranganna ó Rang a hAon go Rang a Sé. Is rud roghnach é agus caithfidh na páistí an obair a dhéanamh sa bhaile. Macasamhail 3T den Stábla i mBeithil atá uainn, agus **caithfidh sé a bheith in ann suí ar leathanach A4, ní níos mó ná sin. Is féidir iad a thabhairt isteach aon lá ón 10 Nollaig, ach ní roimhe sin** agus bronnfar na duaiseanna ar an 13 Nollaig ag Seó na nÓg. Cinntigh le do thoil go bhfuil an t-ainm scríofa go soiléir ar macasamhail. Is féidir aon ábhar a úsáid, lego, cairtchlár, ábhair áthchúrsáilte. Beidh duais don cheann is fearr i ngach rang. Níl cead aon chadhnraí a úsáid.

*We are running a Christmas Construction Competition for classes from 1st Class to 6th Class. This is optional and the work must be done by each child at home. We are looking for 3D models of the Stable in Bethlehem, and **they must be able to sit on an A4 page, no larger than this. They can be brought into school any day from 10 December and not before then.** The prizes will be presented at the Junior Show on 13 December. Please make sure name is clearly written on the model. Any materials may be used, lego, cardboard, recycled. There will be a prize for the best in each class. No batteries may be used.*

Cabhair do Dhaoine gan Dídean | Helping the Homeless

Agus séasúr na Nollag buailte linn, ba mhaith linn go dtuigfeadh na páistí go bhfuil daoine ann nach bhfuil chomh maith as linne. Chuige seo, táimid ag iarraidh ar na páistí bosca bróige a líonadh le rudaí maithe do dhaoine gan dídean; moltar stocáí móra teo, hataí, lámhainní srl. a chur ann. Iarrtar ort gan rudaí le dáta faoinar cheart é a úsáid nó rudaí fluucha a chur isteach. Is féidir iad a chur isteach aon lá idir seo agus an 18 Nollaig.

As Christmas is upon us, we would like to remind the children that there are people who are not as well off as us. To do this, we are asking the children to fill a shoe box with useful items for someone who's homeless; heavy warm socks, hats, gloves etc. are recommended. You are asked not to put in anything with a sell-by date or liquid. They can be sent in any day between now and 18 December.

Comórtas Ealaíne na Nollag | Christmas Art Competition

Táimid chun Comórtas Ealaíne na Nollag a dhéanamh do Ranganna na Naíonán. Is rud roghnach é agus caithfidh na páistí an obair a dhéanamh sa bhaile. Pictiúr den Stábla i mBeithil atá uainn, **ní níos mó ná A4**. Is féidir iad a thabhairt isteach aon lá roimh an 10 Nollaig agus bronnfar na duaiseanna ar an 13 Nollaig ag Seó na nÓg. Cinntigh le do thoil go bhfuil an t-ainm scríofa go soiléir ar chúil an phictiúir.

*We are running a Christmas Art Competition for our Infant Classes. This is optional and the work must be done by each child at home. We are looking for pictures of the Stable in Bethlehem, **no larger than A4.** They can be brought into school any day until 10 December and the prizes will be presented at the Junior Show on 13 December. Please make sure name is clearly written on the back.*

Cód Iompair | Code of Behaviour

Tá aithbhreithniú agus faomhadh déanta ar an gCód Iompair agus tá an cháipéis ar fad le feiceáil ar an suíomh. Bí cinnte go bhfuil tú ar an eolas faoina bhfuil ann le do thoil. Seo thíos na bunrialacha.

We have reviewed and approved our Code of Behaviour and the entire document can be seen on the website. Please ensure you are aware of what it contains. Below are the very basic rules.

Meas <ul style="list-style-type: none">• Meas orainn féin.• Meas ar dhaoine eile.• Meas ar mhaoin agus ar thimpeallacht na scoile.	Cumarsáid <ul style="list-style-type: none">• Déanaimid cumarsáid trí Ghaeilge.• Éistimid le daoine eile.• Tugaimid nótaí dár dtuismitheoirí.
Obair <ul style="list-style-type: none">• Tagaimid ar scoil in am ullamh don lá.• Déanaimid ár ndícheall leis an obair scoile.• Déanaimid ár ndícheall leis an obair bhaile.• Ní chuirimid isteach ar obair éinne eile.	Sábháilteacht <ul style="list-style-type: none">• Ní dhéanaimid rud ar bith a chuireann daoine eile i mbaol.• Ní dhéanaimid rud ar bith a chuireann sinn féin i mbaol.• Ní ghlacaimid le bulaíocht d'aon sórt.

Respect <ul style="list-style-type: none">• Respect for ourselves.• Respect for others.• Respect for the school property and environment.	Communication <ul style="list-style-type: none">• We communicate through Irish.• We listen to others.• We pass on notes to our parents.
Work <ul style="list-style-type: none">• We come to school ready for the day.• We do our best with school work.• We do our best with homework.• We don't interfere with other people's work.	Safety <ul style="list-style-type: none">• We don't do anything that puts someone else in danger.• We don't do anything that puts ourselves in danger.• We don't accept bullying of any kind.

Seirbhís na gCarúl | Carol Service

Beidh Seirbhís Carúl á déanamh ag na hardranganna ar an Déardaoin 19 Nollaig i Séipéal Thomáis i Lóiste na Labhras ar 20:00. Fáilte roimh gach éinne.

The Senior Classes will have a Carol Service on Thursday 19 December in St. Thomas's Church, Laurel Lodge at 20:00. All welcome.

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Feistis Ghleásta-Suas na Naíonán | Dress-Up Costumes for the Infants

Le glanadh amach na seanbhréagán roimh an Nollaig b'fhéidir, sula gcaitheann sibh amach na feistis, ba bhreá lenár Naíonáin iad a thógáil fad is go bhfuil caoi mhaith orthu. Is féidir iad a thabhairt do dhuine de mhúinteoirí na Naíonán má tá aon rud agat. Míle buíochas.

With old toys being cleaned out before Christmas maybe, before you throw out the old costumes, our Infants would love to take them as long as they're in decent condition. You can give them to one of the Infant teachers if you have any. Many thanks.

Dátaí don Dialann | Dates for the Diary

10-12-19	Lá Deireanach do Chomórtas Ealaíne na Nollag Last Day for Christmas Art Competition	Ranganna na Naíonán
10-12-19	Lá Deireanach do Litreacha trí Ghaeilge do Dhaidí na Nollag Last Day for letters in Irish for Daidí na Nollag Féach thíos See bottom of Newsletter	
13-12-19	Seó na nOg Junior Christmas Show	12:00-13:30 Páistí abhaile ina dhiaidh
18-12-19	Lá Deireanach do Bhosca Nollag na nDaoine gan Dídean Last Day for Christmas Boxes for the Homeless	
19-12-19	Seirbhís Carúl na nArdranganna Senior Classes Carol Service Séipéal Thomáis, Lóiste na Labhras St. Thomas' Church, Laurel Lodge	20:00-21:30
31-12-19	Spriocdháta do Choláiste Chaisleán Cnucha 2021 Deadline for Castleknock College 2021	
16-01-20	Caint do Thuismitheoirí le Fiona Forman - Weaving Well-Being Parents' Talk with Fiona Forman on Weaving Well-Being	20:00
31-03-20	Spriocdháta na n-iarraidis do Choláiste Belvedere – caithfear iarraidis do bhuachaillí a dhéanamh i Rang a Cúig Deadline for applications to Belvedere College – applications for boys must be made in Fifth Class	
28-02-20	Cóineartú Confirmation	11:00 i Séipéal Bhríde
23-05-20	Comaoineach Communion	12:00 i Séipéal Bhríde

Litir chuig Santaí!

Tá Tuismitheoirí na Gaeltachta le cúnaimh a thabhairt d'fhear na féasóige arís i mbliana agus na litreacha ar fad i nGaeilge ó pháistí ar fud na cruinne a bhailiú le chéile agus a chur chuige, ionas go mbeidh sé in ann iad a fhreagairt!

Ní gá do na páistí ach a gcuid litreacha a chur sa phost chuig an seoladh seo:

LITIR CHUIG SANTAÍ
f/Ch Tuismitheoirí na Gaeltachta
An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe.

Bli cinnte **Tuismitheoirí na Gaeltachta** a scríobh ar an gclúdach litreach agus stampa a chur air lena chinntiú nach rachaidh an litir amú. Scríobh airm agus seoladh na bpáistí ar an litir freisin nó beidh mearbhall ar an bhFear Mór! Tosófar ag freagairt na litreacha ón 1 Nollaig ach seol isteach go luath iad!

Moltar go láidir na litreacha a bheith sa phost roimh an 10 NOLLAIG.

Údaráis na Gaeltachta

An Rannas Cultúr, Músaice agus Gaeltachta, Oideasáras Uí Chléirigh, Bhaile Átha Cliath